LÓISTÍN

Fanann na scoláirí i dtithe lóistín le clann a labhrann Gaeilge mar theanga teaghlaigh. Cuirfear fáilte romhat mar dhuine den chlann sin agus ní hamháin go bhfoghlaimeoidh tú neart Gaeilge, ach cuirfidh tú eolas agus aithne ar ghnáthshaol laethúil na Gaeltachta. Tá na tithe lóistín ar fad suite gar go maith d'ionad an Choláiste.

RANGANNA

Leanfar an Siollabas teagaisc atá molta ag na Coláistí Oiliúna don Chéad Tréimhse Foghlama agus don Dara Tréimhse Foghlama. Bunófar na ranganna ar chaint bheo na Gaeltachta agus beidh béim ar rannpháirtíocht ghníomhach na mac léinn an t-am ar fad.

NA MÚINTEOIRÍ

Tá taithí na mblianta ag múinteoirí Choláiste Chamuis ag múineadh na Gaeilge beo i suíomh Gaeltachta. Ina theannta sin, tá seantaithí acu ar theagasc na Gaeilge ina gcuid scoileanna féin agus tá sáreolas acu ar churaclam na bunscoile.

IMEACHTAÍ EILE

Cuirtear an-bhéim ar chultúr beo agus ar chultúr traidisiúnta na Gaeltachta in imeachtaí an chúrsa ar fad agus go mór mór sna himeachtaí tráthnóna. San áireamh sna himeachtaí seo beidh: ceol, amhráin idir shean agus nua, céilithe agus damhsa ar an sean-nós, agallaimh bheirte agus lúibíní, litríocht na Gaeltachta, logainmneacha na háite agus an drámaíocht. Cuirfear béim ar thraidisiúin agus ar bhéaloideas an cheantair agus beidh rannpháirtíocht ghníomhach ag na scoláirí i dtionscadail éagsúla. Ina theannta sin, beidh aoi-léachtaí ann ó chainteoirí iomráiteacha a bhaineas le saol na Gaeilge agus na Gaeltachta.

AN SAOL SÓISIALTA

Cuid thábhachtach den taithí Gaeltachta is ea an pháirtíocht i saol sóisialta an cheantair. Tugann sé deis dár gcuid scoláirí casadh le daoine óga de bhunadh na Gaeltachta agus le scoláirí eile a bhíonn ag foghlaim na Gaeilge. Bíonn seisiúin cheoil ar siúl freisin sna tithe tábhairne áitiúla.

TÁILLE AN CHÚRSA

Beidh táille €750 ar an gcúrsa. Íocfar éarlais €200.
Ní mór fuílleach an táille a íoc 4 seachtainí
roimh thús an chúrsa.



fón: 091 593162

colaistechamuis.ie | eolas@colaistechamuis.ie
Coláiste Chamuis, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Coláiste Chamuis

IS FIÚ AGUS IS FÉIDIR

Cúrsaí Ábhar Oidí i nGaeltacht Chonamara

CÚRSA 1: 3 – 17 EANÁIR 2019

Tréimhse Foghlama 1: Ros a' Mhíl

Tréimhse Foghlama 2: Ros a' Mhíl

CÚRSA 2: 12 – 26 AIBREÁN 2019

Tréimhse Foghlama 1: Ros a' Mhíl

Tréimhse Foghlama 2: An Tulach

Áirithintí AR LÍNE ag www.coláistechamuis.ie

LÓISTÍN

Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim san áit a bhfuil an teanga beo, beathach sa phobal agus tú i mbun do chúrsa oiliúna mar mhúinteoir bunscoile? Tá Coláiste Chamuis ag eagrú cúrsaí Gaeilge ó 1973 agus chuaigh cuid mhór dár scoláirí leis an múinteoireacht bunscoile in imeacht na mblianta ó shin. Tuigeann muid mar sin gurb é an lántumadh teanga sa phobal ina bhfuil an teanga sin á labhairt an bealach is fearr agus is éifeachtaí le teanga ar bith a fhoghlaim. Labhrann chuile dhuine Gaeilge an t-am ar fad le linn cúrsaí i gColáiste Chamuis, agus mar sin cuirfidh tú feabhas mór ar do chuid Gaeilge labhartha chomh maith le heolas ar stair, oidhreacht agus cultúr beo na Gaeilge agus na Gaeltachta. Cuirimid béim ar fhoghlaim thaitneamhach trí pháirtíocht ghníomhach sna ranganna, seimineáir, cluichí, céilithe agus imeachtaí siamsaíochta agus cultúrtha.

Is é a deir mana an Choláiste "Is fiú agus is féidir" an Ghaeilge a fhoghlaim agus léiríonn taighde go mbaineann ár gcuid scoláirí líofacht shuntasach amach le linn na gcúrsaí de bharr ár gcuid modhanna teagaisc agus foghlama.

AN tIONAD

Tá dhá ionad ag Coláiste Chamuis do chúrsaí na nÁbhar Oidí i nGaeltacht Chonamara: Teálta na hÓige, suite i Ros a' Mhíl, agus ionad eile (don Dara Tréimhse Foghlama faoi Cháisc) in An Tulach. Tá na háiseanna is nua-aimseartha dá bhfuil ann sa dá ionad: seomraí breátha ranga, halla breá mór, áiseanna spóirt agus siamsaíochta istigh agus amuigh, córas nua-aimseartha fuaime agus físe, cláir idirghníomhacha agus saor-rochtain ar chóras WiFi.

AN CEANTAR

Tá Ros a' Mhíl agus An Tulach suite sa cheantar Gaeltachta is láidre sa tír, c.20 km siar as Gaillimh, agus freastal maith iompair phoiblí orthu. Tá an taobh tíre go hálainn agus tá go leor siúlóidí ann. Tá port mór iascaireachta ann agus is as seo a théann na báid go hÁrainn. Tá siopaí, tithe tábhairne, bialanna, hallaí pobail agus páirceanna breátha peile i measc na n-áiseanna atá sa cheantar. Tá An Cheathrú Rua agus An Spidéal gar go maith do láthair mar atá TG4 agus Raidió na Gaeltachta freisin.

AN CONRADH FOGHLAMA

Cuirfidh Coláiste Chamuis an tseirbhís is fearr is féidir linn ar fáil duitse, an t-ábhar múinteora, a chuirfidh ar do chumas líofacht agus cruinneas a bhaint amach sa Ghaeilge, agus go háirithe sa teanga labhartha, agus a chabhróidh leat caighdeán ard a bhaint amach i do ghairm mar mhúinteoir amach anseo. D'fhonn an aidhm sin a bhaint amach, iarraimid ortsa, an t-ábhar múinteora, glacadh leis an lántumadh teanga mar uirlis foghlama, agus dá réir sin gan ach Gaeilge a labhairt le linn do chúrsa Gaeltachta – le do chuid comhscoláirí, leis an bhfoireann, le muintir na dtithe lóistín agus le muntir na háite ar fad.